An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of
Education and Youth

Clár Samhraidh 2026 – 'Muinín agus Naisc a Chothú'

Bealtaine 2026

A Phríomhoide, a chara,
Táim ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas faoi Chlár Samhraidh na bliana seo agus chun aird a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ann chun cabhrú le Clár Iar-bhunscoile na bliana seo. Fógraíodh pacáiste tacaíochtaí chun ligean do na scoileanna uile clár samhraidh a thairiscint do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus dóibh siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Tá sonraí iomlána faoi na scéimeanna lena n-áirítear na tacaíochtaí atá ar fáil ar fáil ag gov.ie/summerprogramme.

Don bhliain 2026, tá sé ar cheann de na príomhthosaíochtaí go mbeidh rochtain ag níos mó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais casta acu agus/nó iad siúd atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ar chlár scoilbhunaithe.

Is é 'Muinín agus Naisc a Chothú' an téama lárnach atá ann go fóill do chlár na bliana seo. Is é príomhaidhm an téama seo cabhrú lenár bpáistí agus daoine óga a n-acmhainneacht a bhaint amach, a bheith athléimneach agus iad ag déileáil le gnáth-strusanna a saoil, aire a thabhairt dá bhfolláine coirp agus mothú cuspóra, nasc agus muintearas a bheith acu. dá bpobal scoile.

Tá an Clár Iar-bhunscoile oscailte do scoileanna chun áiteanna a thairiscint do dhaltaí atá rollaithe i ranganna speisialta, do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu atá i ranganna príomhshrutha agus dóibh siúd is mó i mbaol míbhuntáiste oideachais.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do chur chuige cuimsitheach na scéime seo, tá níos mó roghanna ag scoileanna maidir le líon na ngrúpaí ar féidir leo clár a chur ar fáil dóibh. Roimhe seo, bhí leithdháiltí sainithe maidir le líon na ngrúpaí a bhféadfadh scoileanna clár a reáchtáil dóibh, bunaithe ar mhéid na scoile. Léiríonn an cur chuige seo go ndéantar freastal níos fearr ar riachtanais aonair scoile agus na leanaí atá i dteideal páirt a ghlacadh ann.

Tá sé tábhachtach freisin go n-iarrann na scoileanna daltaí don Chlár Samhraidh, go n-úsáidtear Creat Tacaíochta Leanúnach chun a chinntiú go bhfuil na daltaí cláraithe sa chlár iad siúd atá aitheanta leis an leibhéal is airde riachtanais fhoghlama agus go n-oireann sé do na Pleananna Tacaíochta Mac Léinn. Tá sé seo ríthábhachtach chun a chinntiú go dtacaíonn an scéim le gach duine ar an leibhéal is airde den leanúnachas tacaíochta. D'fhéadfadh an roinn sonraí breise a iarraidh ar na scoileanna chun tacú lena n-iarratas agus d'fhéadfadh sí sonraí a bhfuil ar fáil ag an roinn a úsáid le linn phróisis ceadaithe.

Pointeacha beaga le tabhairt faoi deara:

- Beidh na Tairseacha Iarratais Ar Líne ar oscailt ón **6 Bealtaine 2026** go dtí an **15 Bealtaine 2026** do chlár bunaithe ar scoil agus don chlár bunaithe ar an mbaile,. Iarrtar ar scoileanna na dátaí seo a thabhairt faoi deara go cúramach toisc nach nglacfar le hiarratais dhéanacha. Nuair a bheidh na tairseacha dúnta, **ní athosclófar** iad faoi aon imthosca.
- Leanfaidh scoileanna de bheith ag léiriú a spéis i gclár scoilbhunaithe a reáchtáil ar an mbealach céanna agus a bhí sna blianta roimhe seo. Nuair a chuirfear iarratas isteach, gheobhaidh scoileanna ríomhphost ina ndeimhneofar go bhfuarthas é. Sa tseachtain dar tús an 25 Bealtaine 2026, déanfar teagmháil le scoileanna ar bhonn aonair agus gheobhaidh siad ríomhphost leantach ina ndeimhneofar líon na ndaltaí a ceadaíodh chun páirt a ghlacadh i gclár na bliana seo, mar aon le leithdháileadh foirne sannta a scoile. Cinntíonn an cur chuige sin go bhfaigheann gach scoil faisnéis shoiléir, saincheaptha chun cabhrú le pleanáil éifeachtach.
- Féadfaidh daltaí páirt a ghlacadh i gclár **amháin** atá bunaithe ar scoil nó sa chlár atá bunaithe sa bhaile. Cinntíonn sé seo go mbaintear an úsáid is mó is féidir as áiteanna agus go mbíonn rochtain ag an oiread daltaí agus is féidir ar thacaíocht faoin gClár Samhraidh. Ag deireadh mhí na Bealtaine, déanfar teagmháil le scoileanna chun liosta de na daltaí atá páirteach sa chlár scoilbhunaithe a sholáthar dóibh.
- Íocfar Múinteoirí agus Bainisteoirí Cláir as gach uair an chloig a oibrítear agus uasuaireanta inéilithe in aghaidh an mhúinteora nó an Bhainisteora a oibríonn cúig lá sa tseachtain faoi uasteorainn 28 uair an chloig. Ní bheidh aon athrú ar na huaireanta CRS inéilithe.

Déanfar na hathruithe seo go léir a leagan amach i bhForbhreathnú ar Chlár Samhraidh 2026 do Scoileanna Iar-bhunscoile.

An Clár Béilí Scoile agus an Clár Samhraidh
Tá an Roinn Oideachais agus Óige agus an Roinn Coimirce Sóisialaí ag obair i gcomhar a chéile maidir le leanúint ar aghaidh ag cur béilí ar fáil faoi Chlár na mBéilí Scoile le haghaidh an Chláir Samhraidh scoilbhunaithe 2026. A luaithe is a dtabharfar na socruithe chun críche, cuirfear iad in iúl do na scoileanna incháilithe.

Tacaíochtaí leanúnacha eile
I gclár na bliana seo, leanfar ar aghaidh arís le ról an Eagraí, a thagann in ionad uaireanta ullmhúcháin sna blianta roimhe seo, chun cabhrú le tacú le scoileanna ina gcuid pleanála agus rannpháirtíochta ó chéim níos luaithe sa scoilbhliain. Fanann na feidhmeanna do ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh seo mar a chéile den chuid is mó le blianta roimhe sin. Féadfaidh an Clár Iar-bhunscoile a bheith ar siúl ar feadh 2 sheachtain le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Ní gá go mbeadh na seachtainí comhleanúnacha, tá an scéim solúbtha chun ligean do scoileanna na seachtainí is fearr a oireann dá gcuid riachtanas agus foireann a bheith ar fáil a roghnú.

Tá tuilleadh sonraí le fáil thíos:-

Ról Eagraí Scoile
Ag leanúint ó na blianta roimhe seo, in ionad uaireanta ullmhúcháin, beidh ról tiomnaithe Eagraí Scoile arís i ngach scoil a bheidh ag tairiscint an chláir samhraidh í 2026. Gheobhaidh Eagraí na Scoile luach saothair breise dá ról. Táthar ag súil go mbeidh sé seo mar phríomhról ceannaireachta ina mbeidh deiseanna tugtha do bhaill foirne i scoileanna. Forbróidh Eagraí na Scoile i ngach scoil clár samhraidh na scoile agus beidh freagracht air/uirthi as foireann a earcú atá fostaithe ag an scoil don Chlár Samhraidh.

Cé gur féidir le Príomhoidí tabhairt faoin ról seo, tá sé i gceist an brú ó bhainistíocht na scoile a mhaolú agus deis a thabhairt do mhúinteoirí eile.

Bainisteoir Clár Samhraidh
I ngach Iar-bhunscoil, is féidir le gach scoil Bainisteoir Clár Samhraidh amháin a cheapadh dá Clár Samhraidh foriomlán. Is féidir gurb é an duine céanna é seo agus Eagraí na Scoile. Mholfaí go ndéanfaí an ceapachán seo a mheas i gcomhthéacs an duine a bhfuil an taithí is ábhartha aige/aici i riachtanais speisialta oideachais (RSO).

Soláthraíonn róil an Eagraí agus an Bhainisteora deis spreagúil ghairmiúil do mhúinteoirí a scileanna ceannaireachta a fhorbairt agus taithí bainistíochta a fháil ag leibhéal na scoile uile agus ag leibhéal forbartha gairme araon.

Íocaíocht Foirne Ar Líne
Beidh an córas íocaíochtaí ar líne do bhaill foirne a tugadh isteach in 2022 i bhfeidhm arís do 2026. Déanfar tuilleadh feabhsuithe ar an gcóras le haghaidh 2026 agus cinnteoidh sé seo go n-íocfar baill foirne a ghlacann páirt sa chlár scoilbhunaithe chomh tapa agus chomh héifeachtach agus is feidir.

Foireann Sheachtrach
Is féidir le scoileanna múinteoirí ionaid agus CRSanna a fhostú ó lasmuigh dá scoil mura bhfuil an fhoireann a fhostaíonn an scoil de ghnáth ar fáil. Cuirfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta agus Líonra Príomhoidí Bunscoile na hÉireann (IPPN) na cláir samhraidh chun cinn le múinteoirí iarchéime agus mic léinn fhochéime na bliana seo atá cláraithe faoi Bhealach 5 chun an soláthar múinteoirí atá ar fáil a mhéadú an samhradh seo trí https://www.educationposts.ie/. Tacóidh sé seo le hearcú foirne do phoist san earnáil bunscoile agus iar-bhunscoile.

Iompar Scoile
D'fhéadfadh seirbhísí iompair scoile a bheith ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as seirbhísí faoin scéim iompair RSO. Tá sé an-tábhachtach go reáchtáiltear an próiseas seo gan stró duit féin agus do do scoil. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach na Foirmeacha Iarratais ar Iompar Scoile a chur isteach a luaithe is féidir chun a chinnitiú go bhfuil seirbhísí I bhfeidhm ar feadh thréimhse chlár na scoile.
Sa chás nach bhfuil seirbhísí ar fáil do dhaltaí a bhaineann leas as scéim iompair RSO de ghnáth, beidh maoiniú deontais iníoctha le tuismitheoirí tar éis dóibh an clár a chríochnú.

Tacaíocht agus Treoir
Má tá aon fhiosruithe agat cuir ríomhphost le do thoil chuig schoolsummerprogramme@education.gov.ie nó glaoigh ar 090 648 4292. Is féidir teacht ar shonraí iomlána faoi na scéimeanna le n-áirítear tacaíochtaí atá ar fáil ar gov.ie/summerprogramme.

Ar deireadh, i mí an Mhárta 2026, d'fhoilsigh an Chigireacht Tuarascáil Chlár an tSamhraidh 2025: *Buaicphointí ó Chlár an tSamhraidh 2025 maidir le Muinín, Cruthaitheacht agus Ceangal.* Léirítear sa tuarascáil seo samplaí de ghníomhaíochtaí den sórt sin a bhreathnaigh cigirí le linn cuairteanna ar chláir an tsamhraidh i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta agus a dhírigh ar chúig réimse:

- gníomhaíocht a chur chun cinn,
- iniúchadh agus foghlaim sa phobal áitiúil,
- teicneolaíocht dhigiteach a úsáid,
- ag tacú le haistrithe oideachais agus
- eispéiris foghlama gníomhacha fhreagrúla.

Léiríonn na samplaí sa tuarascáil tiomantas soiléir ó eagraithe clár, bainisteoirí agus baill foirne maidir le heispéiris a sholáthar a chabhraíonn le leanaí agus le daoine óga a bheith páirteach, rath a bhaint amach agus dul chun cinn a dhéanamh. Léiríonn siad cur chuige beartaithe ar féidir le scoileanna a oiriúnú dá gcomhthéacs féin. Tugann an tuarascáil comhairle d'eagraithe clár samhraidh agus d'fhoireann scoile atá ag ullmhú do chlár an tsamhraidh in 2026.

Tá an nasc chuig Tuarascáil Chlár an tSamhraidh 2025 le fáil anseo.

Más mian le do scoil iniúchadh a dhéanamh ar conas a d'fhéadfá eispéiris ardchaighdeáin a fhorbairt do leanaí agus do dhaoine óga ar do Chlár Samhraidh 2026, bheadh áthas ar an gCigireacht tacú leat leis an bpróiseas seo. Más mian leat glacadh leis an tairiscint seo, déan teagmháil leis an gCigireacht ag: Inspectorate_Summerprogramme@education.gov.ie

Tá do chomhoibriú agus do thacaíocht do chlár na bliana seo ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis agus bheinn fíorbhuíoch díot dá bhféadfá am a thabhairt le smaoineamh ar chlár a reáchtáil i do scoil i mbliana. Tuigimid gur áiteanna fíorghnóthach iad na scoileanna le linn na scoilbhliana agus is mór againn an tiomantas uait féin agus ó d'fhoireann.

Is mise le meas

Frank Hanlon
Príomhoifigeach
An Rannóg Oideachais Speisialta